



Codáin Sciar Chóir

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Uimhreas	Codáin

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh paistí in ann feasacht a fhorbairt ar choibhneasa 'cuidiomlán' trí úsáid a bhaint as réimse samhlacha (achar, fad agus tacar).	- Is féidir tacair, rudaí agus spásanna a roinnt ar bhealaí difriúla. - Léiríonn codáin caidrimh 'cuid-iomlán'. - Ainmnítear codáin i dtaca le líon na gcodanna nó na sciartha cothroma atá acu.

Matamaitic á Foghlaim

Tugtar an deis san eispéireas foghlama seo do na foghlaimeoirí iniúchadh a dhéanamh ar choincheap na gcodán ach úsáid a bhaint as an tsamhail tacair. Cuirtear an coincheap i láthair trí phlé a dhéanamh ar na hamanna a roinneann na foghlaimeoirí go cothrom le siblín nó le cara. Tugtar tacar de shé licín do na beirteanna agus iarrtar orthu iad a roinnt go cothrom. Déanann siad plé ar an gcaoi ar chuir siad an tasc i gcrích. Cuirtear an téarma $\frac{1}{2}$ i láthair na bhfoghlaimeoirí chun cur síos a dhéanamh ar an gcás ina roinntear na réada ina dhá chuid. Ansin, tugtar réimse tacar réad do na foghlaimeoirí, (ciúbanna, licíní, naisc etc) agus iarrtar orthu iad a roinnt go cothrom le páirtneir.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna
<i>An foghlaimeoir</i>			
Déanann sé deighilt ar réada ina dhá chomhchuid chothroma agus déanann sé cur síos ar an iomlán agus ar na páirteanna i dtreoir leis an líon codanna/comhchodan n, m.sh. tá deich licín agam sa tacar iomlán agus fuair mé cúig licín nuair a rinneadh leath den tacar.	Léiríonn sé agus coinníonn sé taifead ar a thuiscint ar leatha trí úsáid a bhaint as ábhair nithiúla, go pictiúrtha nó le siombailí.	Míníonn sé an cur chuige a úsáideadh chun an tacar réad a roinnt ina dhá sciar.	Cuireann sé fadhbanna faoi bhráid a phiaraí, e.g. dá mbeadh deich milseán agam, cé mhéad milseán a chaithfinn a thabhairt duit dá mbeifeá ag iarraidh leath díobh? Cuireann sé na smaointe agus an cur chuige atá ag a phiaraí i gcomparáid lena chéile chun an fhadhb a réiteach.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Cuir comhthéacs saibhir agus bríoch ar fáil san eispéireas foghlama ach é a cheangal le heispéiris ábhartha i saol an fhoghlaimora, m.sh. dá roinneá mála a raibh 8 milseán ann do cheathrar cairde ag cóisir lae breithe, cé mhéad milseán a gheobhadh gach cara?	Nuair a thagann coincheap na gcodán chun cinn do na foghlaimeoirí trí Aistear, cuir in iúl dóibh é agus cuir teanga na gcodán i láthair na bhfoghlaimeoirí.

Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil
Cuir réimse ábhar nithiúil ar fáil chun cuidiú leis na foghlaimeoirí iniúchadh a dhéanamh ar an gcoincheap $\frac{1}{2}$. Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar a bhfiosrúcháin ach úsáid a bhaint as uirlisí scríbhneoireachta agus digiteacha.

Tascanna atá Dúshlánach go Cognáioch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí patrúin a thabhairt faoi deara e.g. má roinneann tú tacar níos mó, an bhfaigheann tú níos mó nó níos lú? Iarr ar na foghlaimeoirí píosaí sreangáin nó stiallacha páipéir a roinnt ina dhá leath (samhail líneach). Iarr ar na foghlaimeoirí cruthanna a roinnt ina dhá leath (samhail achair).	Spreag an cómhrá mata trí úsáid a bhaint as ceistiúcháin sciliúil, straitéiseach, oscailte agus machnamhach chun spreagadh a thabhairt do na foghlaimeoirí smaointeoireacht agus smaointe a roinnt agus a mhalartú, e.g. - Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh go bhfuil sciartha cothroma agaibh? - An leath fós é mura bhfuil na sciartha cothrom lena chéile?

Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic
- An féidir leis na foghlaimeoirí míniú cén chaoi ar roinn siad na hábhair i gcodanna cothroma? - An raibh na foghlaimeoirí in ann pictiúr dá gcuid oibre a tharraingt chun $\frac{1}{2}$ den tacar a léiriú? - An úsáideann na foghlaimeoirí an téarma $\frac{1}{2}$ chun cur síos a dhéanamh ar sciar cothrom de thacar le linn Aistear?

Foinse
Curtha in oiriúint ó: Lámhleabhar SFGM faoi Chodáin leathanaigh 32-36